Leabhrán Eolais 4
Chóipcheart agus Séanadh

Príomhdhualgais
agus Príomhchumhachtaí

# Chóipcheart agus Séanadh

faoi Acht na gCuideachtaí



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement



Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# Chóipcheart agus Séanadh

faoi Acht na gCuideachtaí

# Ráiteas faoi Chóipcheart agus Séanadh

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Is féidir iomlán an fhoilseacháin nó cuid den fhoilseachán a atáirgeadh gan cead breise chuige sin ach foinse an ábhair a lua agus a admháil

Níor chóir go gceapfaí gur ionann aon ní dá bhfuil anseo agus léiriú de chuid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar ceann an Stiúrthóra, ar thuiscint ná léirmhíniú an Stiúrthóra maidir le haon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó ar léirmhíniú maidir le haon dlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhoráil faoin dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht ná dliteanas ar bith, cibé slí ina dtarlaíonn, i ngeall ar ábhar an fhoilseacháin seo ná ar earráid, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir de cheart caingean cúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo nó neamhréireach leo.

**© An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2015**

# Clár an Ábhair


**1.0 Réamhrá 5**

**2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Chomhaltaí 6**

2.1 Cad is comhalta ann 6

2.2 Cad is scairshealbhóir ann 6

2.3 Clár na gComhaltaí 6

2.4 Dualgais Chomhaltaí agus Scairshealbhóirí 7

2.5 Cearta agus Cumhachtaí Chomhaltaí agus Scairshealbhóirí 7

2.5.1 Scaireanna a Aistriú 7

2.5.2 Díbhinn agus Dáiliúchán 7

2.5.3 Cearta Scairshealbhóirí maidir le Réamhcheannach 8

2.5.4 Ceart Páirt a Ghlacadh i bhFoirceannadh 8

2.5.5 Cearta maidir le Cruinnithe Ginearálta 8

- Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) 9
- Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU) 9
- Rúin 10
- Ceart Fógra a fháil faoi Chruinniú 10
- Fógra Cruinnithe 11
- Ionadaíocht 11
- Córam 11
- Cathaoirleach 12
- Vótáil na gComhaltaí 12

2.5.6 Ceart na gComhaltaí Faisnéis a fháil 12

2.5.7 Cumhachtaí na gComhalaí i gcás Mhainneachtain Cuideachta 13

2.5.8 Ceart na gComhaltaí a Iarraidh go gcuirfí Cuideachta ar ais ar an gClár 13

2.5.9 Ceart na gComhaltaí a iarraidh go ndéanfaí Imscrúdú ar Chuideachta 14

2.5.10 Ceart Achainí a dhéanamh maidir le Foirceannadh Cuideachta 15

2.5.11 Ceart Achainí a dhéanamh maidir le Faoiseamh i gCás Leatroma 15

**3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí** **16**

3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla 16

- Pionóis arna bhforchur ag Cúirt 16

3.2 Pionóis Shibhialta 17

- Dícháiliúchán 17
- Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa 17
- Gealltanas Dícháiliúcháin 18
- Srianadh 18
- Gealltanas maidir le Srianadh 18
- Cuideachta a bhaint den Chlár 19

**Aguisín A Aicmí Éagsúla Scaireanna** **20**

- Réamhrá 20
- Gnáthscaireanna 20
- Scaireanna Tosaíochta 20
- Scaireanna Infhuascailte 20
- Scaireanna Bónais 20

**Aguisín B Foirm Ionadaíochta** **21**

**Aguisín C Léiriú ar Chineál agus ar Ábhar na Miontuairiscí ar Chruinnithe Ginearálta** **22**

- Cruinnithe Ginearálta Cruinnithe 22

## 1.0 Réamhrá

Tugadh roinnt de na hathruithe is suntasaí ar dhlí na gcuideachtaí le leathchéad bliain anuas isteach le hAcht na gCuideachtaí 2014. Cruthaíodh cineálacha nua cuideachtaí faoin Acht chomh maith le hathruithe éagsúla a thabhairt isteach maidir leis na rólanna atá ag páirtithe éagsúla faoi dhlí na gcuideachtaí.

D'fhonn a leagtar de shainchúram ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thabhairt i gcrích, comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chothú, eisíonn an Oifig sraith de Leabhráin Eolais ina leagtar amach na príomhrólanna agus na príomhfhreagrachtaí a ghabhann le páirtithe mórthábhachtacha faoi dhlí na gcuideachtaí. Déantar sin chun cuidiú le daoine nach den lucht gairme iad ar mian leo eolas níos fearr a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na dualgais atá orthu faoin dlí.

Rinneadh na Leabhráin Eolais a eisiúint den chéad uair i mí na Samhna 2001. Leis an eagrán reatha seo, tá trí athscríobh suntasach tugtha ar ábhar na leabhrán ó thráth a bhfoilsithe den chéad uair. Is é an dlí tar éis Acht na gCuideachtaí 2014 a rith atá faoi chaibidil san eagrán reatha. Tá leabhráin ar fáil ar na hábhair seo a leanas:

**Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta**

**Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta**

**Leabhrán Eolais 3 – An Rúnaí Cuideachta**

**Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**

**Leabhrán Eolais 5 – An tIniúchóir**

**Leabhrán Eolais 6 – An Creidiúnaí**

**Leabhrán Eolais 7 – An Leachtaitheoir, an Glacadóir agus an Scrúdaitheoir**

Chomh maith leis an eolas faoi na dualgais agus na cumhachtaí a bhaineann le hábhar, tugtar eolas i ngach leabhrán faoi na pionóis a ghabhann le mainneachtain déanamh de réir Acht na gCuideachtaí.

Rinneadh gach leabhar a ullmhú le húsáid ag daoine nach den lucht gairme iad d'fhonn na príomhfhorálacha a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a bheith níos sothuigthe.

Measann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur den tábhacht go mbeadh daoine a mbíonn tairbhe agus leas acu as corprú ar an eolas chomh maith céanna faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leis. Tá na Leabhráin Eolais seo leagtha amach d'fhonn cur leis an eolas atá ag daoine ar na dualgais agus na freagrachtaí sin.

Is mian leis an Stiúrthóir go dtuigfí go soiléir nach féidir a cheapadh gur léirmhíniú cinnte ar an dlí atá sa treoir seo i ndáil le foráil ar bith. Anuas air sin, ní mór a thuiscint gur féidir níos mó ná léirmhíniú amháin ar an dlí. Dá réir sin, is ceart go dtuigfeadh an léitheoir go mbeadh éiginnteacht áirithe ag baint leis an léirmhíniú a d'fhéadfadh a bheith ag na Cúirteanna ar an dlí, go háirithe nuair atá an dlí á chur i bhfeidhm maidir le cúinsí áirithe agus i ndáil le cuideachtaí faoi leith agus daoine faoi leith.

Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire gur cheart don léitheoir atá éiginnte faoi oibleagáid nó dualgas faoin dlí comhairle neamhspleách a iarraidh ó dhuine den lucht gairme i réimse an dlí nó na cuntasaíochta de réir mar is cuí.

De réir mar a dhéantar leasú ar dhlí na gcuideachtaí san am atá romhainn, tá i gceist ag an Stiúrthóir an lón treorach seo a choinneáil bord ar bhord leis an athrú. Bheadh fáilte aige freisin roimh thuairimí faoin ábhar ionas go mbíonn oiread tairbhe agus is féidir as eagráin eile amach anseo.

**Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Bealtaine 2015**

# 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Chomhaltaí

## 2.1 Cad is Comhalta ann

Is comhalta cuideachta an té atá páirteach i gcaipiteal na cuideachta, atá cláraithe mar chomhalta agus atá i dteideal cearta áirithe. Meastar gur aontaigh na rannpháirtithe tosaigh maidir le bunreacht cuideachta a bheith ina 'gcomhaltaí' de chuid na cuideachta, agus, ar an gcuideachta a chlárú, cuirtear ainm gach duine acu ar chlár na gcomhaltaí. Beidh gach duine eile a aontaíonn a bheith ar chomhaltaí na cuideachtaí agus a gcuirtear a n-ainmneacha ar chlár na gcomhaltaí ina chomhalta nó ina comhalta de chuid na cuideachta[1].

## 2.2 Cad is Scairshealbhóir ann

Is scairshealbhóir an té a bhfuil scair nó scaireanna sa chuideachta aige nó aici. Nuair a chuirtear a n-ainm le clár na gcomhaltaí, déantar comhalta de chuid na cuideachta díobh. Ní mar a chéile cearta agus freagrachtaí comhaltachta i ngach cuideachta ag brath ar chineál na cuideachta. Ba cheart, ina ainneoin sin, a thabhairt chun aire go mbíonn duine a cheannaíonn scaireanna i gcuideachta ina scairshealbhóir ón dáta ceannacháin ach nach comhalta de chuid na cuideachta é nó í go dtí go gcuirtear an t-ainm le clár na gcomhaltaí.

D'fhéadfadh go mbeadh cead faoi bhunreacht cuideachta scaireanna d'aicmí éagsúla a eisiúint le hidirdhealú dá réir idir na cearta atá ag scairshealbhóirí éagsúla sa chuideachta.

*Leagtar amach eolas níos mine faoi na haicmí scaireanna is féidir a eisiúint in Aguisín A.*

## 2.3 Clár na gComhaltaí

Tá ceangailte ar gach cuideachta clár de na comhaltaí a choimeád[2]. Ní mór an clár a choimeád taobh istigh den Stát in áit de na hionaid seo a leanas; oifig chláraithe na cuideachta, príomhionad gnó na cuideachta nó in áit eile. Sa chás nach in oifig chláraithe na cuideachta atá an clár ar coimeád, ní mór don chuideachta an áit ina bhfuil an clár ar coimeád a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí agus fógra a thabhairt faoi aon athrú ionaid[3].

Bíonn an clár ar fáil lena scrúdú ag gach comhalta gan táille a íoc agus ag duine ar bith den phobal ar an táille cuí a íoc[4].

Ní mór na sonraí seo a leanas a bheith ar chlár na gcomhaltaí:

- ainmneacha agus seoltaí na gcomhaltaí;
- líon na scaireanna atá ag gach comhalta (i gcuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal acu);
- an dáta ar cuireadh gach duine ar chlár na gcomaltaí;
- an dáta scoir maidir le gach duine a scoir de bheith ina chomhalta de chuid na cuideachta.

---

1 Alt 168 Acht na gCuideachtaí.

2 Alt 169 Acht na gCuideachtaí.

3 Alt 216(6) Acht na gCuideachtaí.

4 Alt 216 (8) & (9) Acht na gCuideachtaí.

## 2.4 Dualgais Chomhaltaí agus Scairshealbhóirí

Is é príomhdhualgas atá ar chomhalta atá ina scairshealbhóir fuílleach na suime sin a íoc leis an gcuideachta, má tá fuílleach le híoc, a aontaíodh i ndáil leis an scair den leithroinnt tosaigh. Bíonn an tsuim sin le híoc ag an scairshealbhóir nuair a eisíonn an chuideachta gairm ina leith nó, sa chás go ndéantar foráil faoi na téarmaí eisiúna d'íoc ina ghálaí, ar an lá íocaíochta. I gcuideachta faoi dhliteanas neamhtheoranta, bíonn na scairshealbhóirí iad féin faoi dhliteanas gan teorainn i ndáil le fiacha na cuideachta i gcás dócmhainneachta i.e. sa chás nach bhfuil an chuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc.

## 2.5 Cearta agus Cumhachtaí Chomhaltaí agus Scairshealbhóirí

Leagtar amach in Acht na gCuideachtaí, agus i mbunreacht na cuideachta de ghnáth, cumhachtaí na gcomhaltaí agus na cumhachtaí sin atá á dtarmligean ag na comhaltaí le stiúrthóirí na cuideachta. Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do bhainistíocht ghnó na cuideachta ag na stiúrthóirí a fhéadann cumhachtaí uile na cuideachta a oibriú ach amháin cumhacht den sórt a n-éilítear faoi Acht na gCuideachtaí nó faoin mbunreacht gurb iad comhaltaí na cuideachta a oibríonn í ag cruinniú ginearálta[5].

Tá gnóthaí tábhachtacha áirithe nach mór aontú na gcomhaltaí ina leith, mar shampla athrú a chur ar bhunreacht na cuideachta. Is féidir leis na comhaltaí, tríd an mbunreacht a leasú, athrú a chur ar an gcaidreamh atá idir comhaltaí agus stiúrthóirí.

### 2.5.1 Scaireanna a Aistriú[6]

Is féidir le comhalta i gcuideachta phríobháideach[7] scaireanna a aistriú trí ionstraim i scríbhinn chuig na stiúrthóirí ag lorg a gceadsan leis an aistriú. Is féidir leis na stiúrthóirí, dá lánrogha féin go hiomlán agus gan aon chúis leis a lua, diúltú an t-aistriú scaireanna a chlárú. Sa chás go ndiúltaíonn na stiúrthóirí scaireanna a aistriú, ní mór dóibh taobh istigh de dhá mhí ó thagann an ionstraim aistriúcháin, fógra faoin diúltú a thabhairt don aistrí[8].

### 2.5.2 Díbhinn agus Dáiliúchán

Is é is díbhinn ann dáileachán d'acmhainní áirithe de chuid na cuideachta ar na scairshealbhóirí. Is as na brabúis de chuid na cuideachta atá ar fáil le haghaidh dáiliúcháin amháin is féidir díbhinn a íoc[9]. Is iad brabúis réadaithe charntha glan na cuideachta na brabúis atá ar fáil le haghaidh dáiliúcháin. Ní féidir brabúis agus cúlchistí de chineálacha eile, mar shampla brabúis neamhréadaithe nó scairphréimh a úsáid chun críocha díbhinn a fhógairt. Is féidir le cuideachta, trí ghnáthrún, díbhinn a fhógairt dar luach nach mó ná an tsuim a mhol na stiúrthóirí[10], agus ní mór do na stiúrthóirí rún dá leithéid sin a chur i bhfeidhm.

Níl aon cheangal ar chuideachta faoin dlí díbhinn a fhógairt, fiú amháin nuair atá brabúis leordhóthanacha indáilte ar fáil, mura luaitear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta. Is féidir le cuideachta i gcruinniú ginearálta a shocrú, de réir mholadh ina leith ó na stiúrthóirí, go n-úsáidtear an tsuim atá ar fáil le haghaidh dáiliúcháin chun caipitliú a dhéanamh ar an gcuideachta ar bhonn comhréireachta.

Ní féidir le CPT dáiliúchán sócmhainní a dhéanamh ach amháin sa chás nach lú an tráth sin suim na sócmhainní glan ná comhiomlán scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí dodháilte an CPT; agus sa chás nach bhfágann an dáiliúchán suim na sócmhainní sin níos lú ná an tsuim chomhiomlán sin[11].

---

5 Alt 158 Acht na gCuideachtaí.

6 Alt 94 Acht na gCuideachtaí.

7 Féach Alt 2.4 i Leabhrán Eolais 1 maidir le breis eolais faoi chuideachtaí príobháideacha.

8 Alt 95 Acht na gCuideachtaí.

9 Alt 117 (1) Acht na gCuideachtaí.

10 Alt 124 Acht na gCuideachtaí.

11 Alt 1082 Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.3 Cearta Scairshealbhóirí maidir le Réamhcheannach

Faoi Acht na gCuideachtaí, tugtar ceart reachtúil maidir le 'réamhcheannach' do na comhaltaí reatha i gcuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO.). Ciallaíonn sin, sa chás go mbíonn scaireanna nua sa chuideachta á n-eisiúint, go mbíonn de cheart sa ghnáthchúra ag na scairshealbhóirí reatha diúltú ar dtús na scaireanna sin a cheannach i gcomhréir leis na scaireanna atá ina seilbh faoi láthair. Ní bheidh, dá réir sin, páirtithe seachas na scairshealbhóirí reatha i dteideal scaireanna nua-eisithe i gcuideachta a cheannach ach amháin sa chás go ndiúltaíonn na scairshealbhóirí reatha an ceart réamhcheannúcháin atá acu a fheidhmiú[12].

Faoin scéim reachtúil maidir le réamhcheannach, ní foláir tairiscint na scaireanna do na scairshealbhóirí reatha a fhógairt do na comhaltaí ar an modh céanna a ndéantar fógraí faoi chruinnithe ginearálta a fhógairt agus ní mór tréimhse nach lú ná ceithre lá déag a thabhairt ar féidir glacadh leis an tairiscint lena linn agus nach féidir an tairiscint a tharraingt siar lena linn[13].

Is féidir na cearta réamhcheannúcháin reachtúla a leagtar amach thuas a chur de leataobh go hiondúil trí bhunreacht na cuideachta nó rún speisialta de chuid na cuideachta (is é atá i rún speisialta rún a nglacann 75% de na comhaltaí a chaitheann vóta leis). Sa chás go mbíonn beartaithe rún chun na críche sin a chur os comhair chruinniú de chuid na cuideachta, ní mór do na stiúrthóirí, de bhreis ar an bhfógra faoin gcruinniú, ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil do na comhaltaí ina mínítear na cúiseanna atá ag na stiúrthóirí le himeacht, mar atá beartaithe, ón scéim maidir le réamhcheannach atá sa reachtaíocht.

Ní thugtar ceart réamhcheannúcháin[14]:

- sa chás go ndéantar scaireanna a leithroinnt ar chomaoin a n-íoctar go hiomlán nó i bpáirt uirthi ar bhealach seachas le hairgead tirim;
- i ndáil le leithroinnt scaireanna a rinneadh le rannpháirtithe i gcuideachta sula ndearnadh a corprú;
- sa chás gur i ndáil le scéim scaireanna fostaithe atá ar bun ag an gcuideachta atá scaireanna á leithroinnt;
- sa chás gur leithroinnt scaireanna bónais atá i gceist leis an leithroinnt;
- sa chás go bhforáiltear amhlaidh faoi bhunreacht na cuideachta nó le rún speisialta ag cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta.

### 2.5.4 Ceart Páirt a Ghlacadh i bhFoirceannadh

Tá de cheart ag scairshealbhóir páirt a ghlacadh i bhfoirceannadh cuideachta (is ionann foirceannadh agus díscaoileadh ordúil trína gcuirtear deireadh leis an gcuideachta). Ó bhíonn na creidiúnaithe agus caiteachais an leachtaitheora íoctha (is é an leachtaitheoir an té a cheaptar chun díscaoileadh na cuideachta a rith), tugtar aon chistí atá fágtha ar ais do na scairshealbhóirí i gcomhréir leis na scaireanna atá ina seilbh, mura bhforáiltear dá mhalairt sa bhunreacht.

### 2.5.5 Cearta maidir le Cruinnithe Ginearálta

Oibríonn comhaltaí cuideachta smacht ar an gcuideachta ag na cruinnithe. Leagtar amach na príomhfhorálacha maidir le cruinnithe cuideachta faoin reachtaíocht in altanna 175 go dtí 199 in Acht na gCuideachtaí. Go ginearálta, tá ceangailte ar gach cuideachta cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól i rith gach bliain féilire agus níor cheart go mbeadh níos mó ná 15 mí idir cruinnithe. Is féidir le cuideachtaí áirithe (mar shampla "cuideachta comhalta aonair"[15] agus an chuideachta TEO) a shocrú nach dtionóltar CGB. I gcás cuideachta TEO[16] tá cead sin a shocrú sa chás go síníonn gach comhalta atá i dteideal teacht i láthair agus vótáil ag an gcruinniú rún i scríbhinn chun na críche sin roimh an dáta deiridh maidir leis an gcruinniú a thionól.

---

[12] Alt 69 Acht na gCuideachtaí.
[13] Alt 69(6)(b) Acht na gCuideachtaí.
[14] Alt 69(12) Acht na gCuideachtaí.
[15] Alt 196 Acht na gCuideachtaí.
[16] Alt 175(3) Acht na gCuideachtaí.

**Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)[17]**

Tabharfar san áireamh leis an ngnó ag cruinniú ginearálta bliantúil:

- plé ar ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta agus ar thuarascáil na stiúrthóirí agus ar thuarascáil na n-iniúchóirí (más ann dá leithéid);
- breithniú na gcomhaltaí ar ghnóthaí na cuideachta;
- mura luaitear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta, díbhinn a fhógáirt (má tá sin i gceist) dar luach nach mó ná an tsuim atá molta ag na stiúrthóirí;
- aontú ar an luach saothair don iniúchóir reachtúil (má tá a leithéid i gceist);
- toghadh agus atoghadh na stiúrthóirí de réir bhunreacht na cuideachta;
- ceapadh nó athcheapadh na n-iniúchóirí reachtúla mura bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchóireacht agus leas á bhaint as an díolúine sin;
- luach saothair na stiúrthóirí sa chás go bhforáiltear dó sin i mbunreacht na cuideachta;
- gnó eile, mar shampla leasú ar bhunreacht na cuideachta, ar a dtugtar gnó speisialta.

Is féidir le comhalta de chuid na cuideachta a iarraidh ar an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach CGB a ghairm nó a threorú go dtionóltar CGB sa chás go bhfuil a thráth sin caite[18]. Is féidir leis an Ard-Chúirt ar iarratas a dhéanamh léi, ordú a dhéanamh arna cheangal go dtionóltar cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta. Ní dhéanfaidh an Chúirt ordú dá shórt sin mura mbítear cinnte gur réadúil agus gur inmhianta a leithéid[19].

**Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU)[20]**

Cruinniú ginearálta urghnách (CGU) a thugtar ar chruinniú ginearálta ar bith eile de chuid na cuideachta seachas an CGU. Is iondúil gur chun déileáil le gnó speisialta nó le cúrsaí taobh amuigh den ghnó a dhéantar de ghnáth ag an CGB a thionóltar CGU. Is féidir le stiúrthóirí cuideachta CGU a thionól tráth ar bith ar dóigh leo gur cuí sin a dhéanamh. Sa chás nach bhfuil dóthain stiúrthóirí i láthair chun go mbeadh an córam ann, is féidir le stiúrthóir ar bith nó le comhalta ar bith de chuid na cuideachta CGU a thionól ar an mbealach céanna a mbeadh sin déanta ag na stiúrthóirí. Is féidir le comhalta nó le comhaltaí ag a bhfuil seilbh ar 50% nó níos mó ná sin de scairchaipiteal íoctha na cuideachta CGU a thionól freisin[21].

Is féidir leo seo a leanas a éileamh ar na stiúrthóirí CGB a thionól:

- Comhaltaí ag a bhfuil seilbh 10% nó níos mó ná sin de scairchaipiteal íoctha na cuideachta nó 10% de na cearta vótála i gcás cuideachta gan scairchaipiteal[22];
- Comhalta nó comhaltaí CPT ag a bhfuil seilbh sciar nach lú ná 5% den scairchaipiteal íoctha (maille le cearta vótála)[23].

Ní mór na cuspóirí leis an gcruinniú a lua san fhoréileamh, é a bheith sínithe ag na foréilitheoirí agus é a thaisceadh ag oifig chláraithe na cuideachta.

Mura ndéanann na stiúrthóirí taobh istigh de 21 lá ó thaisctear an foréileamh dul ar aghaidh le cruinniú a ghairm a thionólfar taobh istigh de dhá mhí ó "dháta an fhoréilimh", is féidir le lucht an fhoréilimh, nó le 50% díobh le cearta vótála, cruinniú a ghairm iad féin, ach ní mór cruinniú ar bith den sórt sin a thionól taobh istigh de thrí mhí ó dháta an fhoréilimh[24].

17 Alt 175 Acht na gCuideachtaí.
18 Alt 175(5) Acht na gCuideachtaí.
19 Alt 179 Acht na gCuideachtaí.
20 Alt 177 Acht na gCuideachtaí.
21 Alt 178 Acht na gCuideachtaí.
22 Altanna 178 & 1203 Acht na gCuideachtaí.
23 Alt 1103 Acht na gCuideachtaí.
24 Alt 178 Acht na gCuideachtaí.

Chomh maith leis sin, tá dlite ar stiúrthóiri CPT CGU a ghairm sa chás go mbionn sócmhainní glan an CPT ar luach leath nó níos lú ná sin de scairchaipiteal glaoite na cuideachta[25].

**Rúin[26]**

Is ionann rún agus an cinneadh a dhéantar trí vótáil chomhaltaí na cuideachta, ag cruinniú go hiondúil. Ní mór gach rún a rith i gcomhréir lena n-éilítear faoi Acht na gCuideachtaí agus faoi bhunreaht na cuideachta.

Is gnáthrún an cineál a nglactar leo trí thromlach simplí na vótaí a chaitheann comhaltaí de chuid na cuideachta atá i dteideal vótáil a dhéanamh, ar theacht i láthair dóibh nó trí ionadaí a chur chuig an gcruinniú[27]. Déantar an chuid is mó den ghnáthghnó a dhéantar ag CGB (e.g. ráitis airgeadais na cuideachta a mheas, stiúrthóirí agus iniúchóirí thoghadh, etc.) le gnáthrúin.

Maidir le rún speisialta, is rún sin a nglactar leis trí thromlach cáilithe nach lú ná 75% de na vótaí a chaith comhaltaí de chuid na cuideachta atá i dteideal vótáil a dhéanamh, ar theacht i láthair dóibh nó trí ionadaí a chur chuig cruinniú[28]. Úsáidtear rún speisialta chun gnó faoi leith a dhéanamh ag CGU nó CGB, mar shampla leasú ar bhunreacht na cuideachta.

Is rún d'aonghuth i scríbhinn rún i scríbhinn arna shíniú ag comhaltaí uile na cuideachta atá i dteideal teacht i láthair agus vótáil ar rún den sórt seo ag cruinniú ginearálta. Beidh an dlisteanas céanna agus an fheidhm chéanna leis an rún agus a bheadh dá mbeadh sé rite ag cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta, arna ghairm agus arna thionól mar is ceart; agus má thugtar de chur síos air gur rún speisialta atá ann, measfar gur rún speisialta é de réir mar a mhínítear a bhrí sin in Acht na gCuideachtaí[29].

Is rún tromlaigh i scríbhinn gnáthrún arna shíniú ag an tromlach is gá de chomhaltaí na cuideachta, sa chás gur scaipeadh téacs beartaithe an rúin agus míniú ar an bpríomhchuspóir atá leis ar na comhaltaí ar fad de chuid na cuideachta atá i dteideal teacht i láthair agus vótáil ar an rún[30]. Ní féidir le haon chineál eile cuideachta seachas TEO agus CGA leas a bhaint as rún tromlaigh i scríbhinn.

I gcás cuideachta comhalta aonair, meastar an gá le rún a rith a bheith sásaithe ag cinneadh de chuid an chomhalta aonair arna chur i scríbhinn agus arna chur in iúl don chuideachta i gcomhréir le Acht na gCuideachtaí[31].

**Ceart fógra a fháil faoi Chruinniú**

Tá comhaltaí uile cuideachta agus aon duine eile atá i dteideal teacht i láthair ag cruinniú i dteideal fógra faoin gcruinniú a fháil de réir mar seo a leanas:

- I gcás CGB, fógra nach lú ná 21 lá[32];
- I gcás CGU ag TEO nó CTR, fógra nach lú ná 7 lá[33];
- I gcás CGU ag CPT, fógra nach lú ná 14 lá[34].

Ina ainneoin sin, sa chás go bhfuil gá rún speisialta a rith ag cuideachta de chineál ar bith, fógra nach lú ná 21 lá[35].

---

25 Alt 1111 Acht na gCuideachtaí.
26 Alt 191 Acht na gCuideachtaí.
27 Alt 191(1) Acht na gCuideachtaí.
28 Alt 191(2) Acht na gCuideachtaí.
29 Alt 193 Acht na gCuideachtaí.
30 Alt 194 Acht na gCuideachtaí.
31 Alt 196 Acht na gCuideachtaí.
32 Alt 181(1)(a) Acht na gCuideachtaí.
33 Alt 181(1)(b) Acht na gCuideachtaí.
34 Alt 1098 Acht na gCuideachtaí.
35 Alt 181(1) Acht na gCuideachtaí.

Ní mór fógra níos faide nach lú ná 28 lá a thabhairt i gcás ar bith acu seo a leanas:

- Sa chás go bhfuil rún á mholadh go ndéanfaí stiúrthóir a chur as oifig, mura luaitear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta (i.e. go mbeadh stiúrthóir in oifig ar feadh a shaoil nó a saoil)[36];
- Sa chás go bhfuil rún á mholadh ag an gcruinniú go ndéanfaí an t-iniúchóir reachtúil a chur as oifig[37];
- Sa chás go bhfuil rún á mholadh ag an gcruinniú go gceapfaí aon duine eile seachas an t-iniúchóir reatha mar iniúchóir reachtúil.

Ionas gur cruinniú dlisteanach é, ní mór an cruinniú a thionól mar is cóir le fógra, ní mór córam a bheith i láthair, (féach thíos) agus ní mór Cathaoirleach a bheith i gceannas ar an gcruinniú.

**Fógra Cruinnithe**

Ní mór a lua i bhfógra cruinnithe:

(a) Ionad, dáta agus tráth an chruinnithe;

(b) Cineál an ghnó, go ginearálta, a dhéanfar ag an gcruinniú;

(c) Sa chás go bhfuil rún speisialta á chur chun cinn, téacs nó ábhar an rúin atá á mholadh; agus

(d) Ráiteas arna chur in iúl do chomhaltaí go bhfuil siad i dteideal ionadadí a cheapadh ina n-áit chun teacht i láthair, labhairt agus vótáil ag an gcruinniú, maille le foirm ionadaíochta. (Féach Aguisín B – ionstraim trína gceaptar ionadaí agus an fhormáid a cheadaítear.)

**Ionadaíocht**

Is ionadaí an té a cheapann comhalta ar bith de chuid cuideachta atá i dteideal teacht i láthair agus vótáil ag cruinniú, chun cearta an chomhalta a fheidhmiú ag an gcruinniú. Tá na cearta céanna ag an ionadaí a bheadh ag an gcomhalta maidir le teacht i láthair, labhairt agus vótáil ag cruinniú[38]. Mura bhforáiltear dá mhalairt faoi bhunreacht na cuideachta, ní féidir le comhalta níos mó ná ionadaí amháin a cheapadh chun teacht i láthair ar an aon ócáid amháin agus ní mór an ionstraim trína ndéantar Ionadaí a cheapadh a bheith:

- i scríbhinn agus ar údarás an té a dhéanann an ceapachán nó ionadaí dlí dá chuid nó dá cuid le húdarás i scríbhinn chuige sin; nó
- sa chás gur cuideachta a cheapann ionadaí, stampáilte le séala na cuideachta nó le húdarás oifigigh nó ionadaí dlí le húdarás i scríbhinn mar is cóir chuige sin;
- taiscthe ag oifig chláraithe na cuideachta atá i gceist nó ag ionad eile de réir mar a shonraítear ar a laghad 48 uair a chloig roimh an gcruinniú nó roimh an am atá leagtha amach maidir le vótáil a dhéanamh.

**Córam**

Is líon áirithe comhaltaí an córam nach mór a bheith i láthair, iad féin go pearsanta nó ionadaí thar a gceann, ag cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta sular féidir leanacht ar aghaidh leis an gcruinniú agus gnó ar bith a dhéanamh[39].

Mura luaitear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta, is é an líon comhaltaí is gá chun córam a bheith i láthair:

- i gcás cuideachta comhalta aonair, aon chomhalta amháin de chuid na cuideachta i láthair go pearsanta nó trí ionadaí ag cruinniú ginearálta;
- i gcás cuideachta de gach cineál eile, beirt chomhalta i láthair go pearsanta nó trí ionadaí ag cruinniú ginearálta.

---

36 Alt 146 Acht na gCuideachtaí.

37 Alt 396 Acht na gCuideachtaí.

38 Alt 183 Acht na gCuideachtaí.

39 Alt 182 Acht na gCuideachtaí.

**Cathaoirleach**

Is iondúil gur stiúrthóir an cathaoirleach a roghnaíonn an bord stiúrtha chun cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe ginearálta na cuideachta. Mura mbíonn cathaoirleach ceaptha ag na stiúrthóirí, nó mura mbíonn an cathaoirleach toilteanach gníomhú amhlaidh, is féidir leis na stiúrthóirí atá i láthair duine de na stiúrthóirí a roghnú chun feidhmiú mar chathaoirleach ar an gcruinniú. Mura mbíonn stiúrthóir ar bith i láthair nó toilteanach feidhmiú mar chathaoirleach is féidir leis na comhaltaí atá i láthair duine de na comhaltaí a roghnú chun feidhmiú mar chathaoirleach ar an gcruinniú[40].

**Vótáil na gComhaltaí**

Mura n-éilítear vótaíocht (de réir Alt 189 Acht na gCuideachtaí, féach thíos), is le taispeáint lámh a shocrófar ar gach rún a ndéantar vótáil air ag cruinniú ginearálta de chuid cuideachta. Dearbhóidh an cathaoirleach go bhfuil rún, le taispeáint lámh, aontaithe, nó aontaithe d'aon ghuth, nó aontaithe le tromlach áirithe, nó diúltaithe. Má tharlaíonn an vóta cothrom, tá cathaoirleach an chruinnithe i dteideal an dara vóta nó vóta réitigh a chaitheamh. Ba chóir tuairisc ar thoradh na vótála a choinneáil i miontuairiscí an chruinnithe agus beidh sin ina fhianaise chríochnúil ar na himeachtaí[41].

Ag cruinniú, d'fhéadfadh go n-éileofaí vótaíocht[42] i ndáil le ceist faoi leith ar bhealach acu seo a leanas:

(a) go n-éilíonn cathaoirleach an chruinnithe sin;

(b) go n-éilíonn ar a laghad triúr comhaltaí atá i láthair go pearsanta nó trí ionadaí sin;

(c) go n-éilíonn aon chomhalta nó comhaltaí sin atá i láthair go pearsanta nó trí ionadaí agus ag a bhfuil sciar nach lú ná 10% de chearta vótála na gcomhaltaí ar fad a bhfuil ceart vótála acu ag an gcruinniú sin, nó

(d) go n-éilíonn aon chomhalta nó comhaltaí sin ag a bhfuil scaireanna lena ngabhann cearta vótála ar ionann an tsuim íoctha orthu ar a dtógáil le chéile agus sciar nach lú ná 10% den tsuim iomlán atá íoctha ar na scaireanna a ngabhann an ceart sin leo.

Mura bhforáiltear dá mhalairt i mbunreacht na cuideachta agus faoi réir ag aon srianta a ghabhann le haicme nó aicmí scaireanna faoi leith, agus cinneadh á dhéanamh faoi cheist:

(a) i gcás taispeáint lámh, beidh aon vóta amháin ag gach comhalta atá i láthair go pearsanta agus ag gach ionadaí (ní bheidh níos mó ná aon vóta amháin ag aon chomhalta faoi leith);

(b) i gcás vótaíochta, ní mór do gach comhalta, bíodh an comhalta i láthair go pearsanta nó trí ionadaíocht, aon vóta amháin a bheith aige nó aici in aghaidh gach scair nó in aghaidh gach €15[43] stoic.

Sa chás go bhfuil comhúinéirí ar scair, is de réir ord ainmneacha na gcomhsealbhóirí ar chlár na gcomhaltaí a shocraítear sinsearthacht.

### 2.5.6 Ceart na gComhaltaí Faisnéis a Fháil

Tá de cheart ag comhalta eolas áirithe faoin gcuideachta a fháil. Tagann san áireamh leis an eolas a bhfuil ceart ag na comhaltaí air:

- ceart cóip de bhunreacht na cuideachta a fháil;
- ceart na leabhair ina gcoinnítear miontuairiscí agus rúin na gcruinnithe ginearálta a scrúdú agus cóipeanna a fháil díobh[44]; (Féach aguisín C maidir le heolas faoi ábhar na miontuairiscí)
- ceart na cláir éagsúla a choimeádann an chuideachta a scrúdú agus cóipeanna a fháil díobh, ina measc: clár na gcomhaltaí, clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe agus cláir leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe[45];

---

[40] Alt 187(3) Acht na gCuideachtaí.

[41] Alt 187(7) Acht na gCuideachtaí.

[42] Alt 189 Acht na gCuideachtaí.

[43] Alt 188(2)(b) Acht na gCuideachtaí.

[44] Alt 216 Acht na gCuideachtaí.

[45] Alt 216 Acht na gCuideachtaí.

- ceart cóip a fháil de ráitis airgeadais na cuideachta maidir leis an mbliain airgeadais is deireanaí mar a leagadh faoi bhráid an CGB agus de thuarascáil na stiúrthóirí maidir leis an mbliain sin agus de thuarascáil na n-iniúchóirí reachtúla (más ann dá leithéid)[46];
- ceart cóipeanna a fháil de ráitis airgeadais fhochuideachtaí mar a leagadh faoi bhráid an CGB, mura bpléitear leis an mbliain airgeadais is deireanaí ag an bhfochuideachta i ráitis airgeadais an ghrúpa;
- ceart cóipeanna a fháil de ráitis airgeadais fhochuideachta ar bith a leagadh faoi bhráid an CGB le deich mbliana anuas ar chostas nach airde ná €3 i ndáil le gach cnuasach ráiteas airgeadais[47].

### 2.5.7 Cumhachtaí na gComhaltaí i gcás Mhainneachtain Cuideachta

Sa chás go ndéanann cuideachta nó aon duine d'oifigigh chuideachta mainneachtain i gcomhlíonadh fhoráil ar bith in Acht na gCuideachtaí, is féidir le comhalta fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta nó ar oifigigh á éileadh ar an gcuideachta nó ar na hoifigigh an cás a chur ina cheart taobh istigh de 14 lá. Sa chás nach ndéanann an chuideachta nó an t-oifigeach an cás a chur ina cheart, is féidir le comhalta iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt i ndáil le hordú á threorú don chuideachta nó don oifigeach an cás a chur ina cheart[48]. Tá de chumhacht freisin ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas a dhéanamh leis an gCúirt i ndáil leis an réiteach seo.

### 2.5.8 Ceart na gComhaltaí a Iarraidh go gcuirfí Cuideachta ar ais ar an gClár[49]

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí cuideachta a bhaint den chlár dá hainneoin[50] ar fhoras ar bith acu seo a leanas:

- gur mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a chur isteach mar a éilítear; nó
- nach bhfuil duine ar bith ar taifead maidir le bheith ina stiúrthóirí ar an gcuideachta faoi láthair; nó
- go bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le mainneachtain na cuideachta ráiteas sonraí ó chuideachtaí nua a chur ar fáil; nó;
- go bhfuil cúis réasúnta ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh an choinníll faoin reachtaíocht go mbeadh stiúrthóir amháin dá cuid a mbeadh cónaí air nó uirthi i stát de chuid LEE nó go mbeadh banna ag an gcuideachta[51]; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus go bhfuil cúis mhaith ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil leachtaitheoir ag feidhmiú ina bhun sin; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus nach bhfuil tuairisceán ar bith curtha ar fáil ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse sé mhí as a chéile.

Sa chás go bhfuil comhalta ar bith nó oifigeach ar bith de chuid na cuideachta a mheasann gur éagóir an chuideachta a bhaint den chlár dá hainneoin, is féidir iarratas a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí maidir leis an gcuideachta a chur ar ais ar an gclár[52] taobh istigh de 12 mí ón tráth ar baineadh an chuideachta den chlár. Ar chuntar go bhfuil an Cláraitheoir sásta go bhfuil gach doiciméad a bhí ar iarraidh comhdaithe agus gach táille a bhí le híoc íoctha, is féidir leis/léi an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. Sa chás go gcuireann an Cláraitheoir cuideachta ar ais ar an gclár, meastar gurbh ann don chuideachta go leanúnach mar a bheadh gan a baint den chlár riamh[53]. Tá eolas mionsonraithe faoi chuideachta a chur ar ais ar chlár na gcuideachtaí ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar: *www.cro.ie*.

---

[46] Alt 339 Acht na gCuideachtaí.

[47] Alt 339(3) & (4) Acht na gCuideachtaí.

[48] Alt 797 Acht na gCuideachtaí.

[49] Altanna 737 & 738 Acht na gCuideachtaí

[50] Alt 733 Acht na gCuideachtaí.

[51] Alt 137 of the Acht na gCuideachtaí.

[52] Alt 737 Acht na gCuideachtaí.

[53] Alt 737(5) Acht na gCuideachtaí.

Ó bhíonn an tréimhse 12 mí dá dtagraítear thuas caite, is féidir le comhalta, oifigeach nó creidiúnaí ar bith de chuid na cuideachta iarratas a dhéanamh leis an gCúirt[54] ag iarraidh go gcuirfí an chuideachta ar ais[55] ar an gclár (ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas taobh istigh de 20 bliain ó baineadh an chuideachta den chlár). Sa chás gurb é breith na Cúirte gur cheart agus gur chóir an chuideachta a chur ar ais ar an gclár[56], meastar gurbh ann don chuideachta go leanúnach mar a bheadh gan a baint den chlár riamh. Is féidir leis an gCúirt áfach a ordú freisin, má mheastar gur chuí sin, na hoifigigh, nó aon duine ar bith de na hoifigigh, a chur faoi dhliteanas maidir le fiacha ar bith a thabhaigh an chuideachta i rith na tréimhse a rabhthas bainte den chlár[57].

Tá síneadh go dtí 6 bliana curtha leis an tréimhse chun iarratas a dhéanamh le Cláraitheoir na gCuideachtaí maidir le Cuideachta Bainistithe Maoine a chur ar ais ar an gclár faoin Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011[58]. D'fhéadfadh coinníollacha riaracháin eile a bheith i gceist freisin le cásanna den chineál sin. Tá breis eolais ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí, ar *www.cro.ie*.

An fhaid a bhíonn cuideachta bainte de chlár na gcuideachtaí, déantar úinéireacht shócmhainní na cuideachta a aistriú sa ghnáthchúrsa go dtí an Stát. Is faoi úinéireacht an Stáit a bhíonn siad go dtí an tráth a gcuirtear an chuideachta ar ais ar an gclár. Fad a bhíonn cuideachta bainte den chlár, leanann an dliteanas atá ar gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta de chuid na cuideachta agus is féidir sin a chur i bhfeidhm[59] mar a bheadh an chuideachta gan foirceannadh.

### 2.5.9 Ceart na gComhaltaí a iarraidh go ndéanfaí Imscrúdú ar Chuideachta[60]

Ar iarratas a theacht ó dhaoine áirithe is féidir leis an gcúirt cigire nó cigirí inniúla a cheapadh chun gnóthaí cuideachta a scrúdú ionas go ndéantar na cúrsaí a shonraítear a fhiosrú. Is féidir leis an iarratas a theacht chuig an gcúirt ó aon duine acu seo a leanas:

- an chuideachta;
- líon nach lú ná deichniúr de chomhaltaí na cuideachta;
- comhalta nó comhaltaí ag a bhfuil an deichiú cuid nó níos mó den scairchaipiteal íoctha sa chuideachta;
- stiúrthóir de chuid na cuideachta; nó
- creidiúnaí de chuid na cuideachta.

Ba cheart do dhuine ar bith a bhfuil i gceist aige iarratas a dhéanamh leis an gCúirt fógra nach lú ná 14 lá go bhfuil rún sin a dhéanamh a thabhairt i scríbhinn don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá an Stiúrthóir i dteideal a theacht i láthair agus éisteacht a thabhairt dó ag éisteacht an iarratais. Sa chás go gceapann an Chúirt Cigire, leagtar síos go beacht na nithe ar cheart fiosrú a dhéanamh ina leith. D'fhéadfadh go n-éileodh an Chúirt ar an iarratasóir nó ar na hiarratasóirí urrús a thabhairt i ndáil le costais an imscrudúcháin a íoc. Is ón gCúirt a ghlacann cigirí a cheaptar faoin alt seo le treoir agus is don Chúirt a thugtar tuairisc.

---

54 Alt 743 Acht na gCuideachtaí – Ciallaíonn an Chúirt an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda.

55 Alt 738 Acht na gCuideachtaí.

56 Alt 741 Acht na gCuideachtaí.

57 Alt 742(c) Acht na gCuideachtaí.

58 Ní cuid d'Acht na gCuideachtaí an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad 2011 agus dá réir sin, níl páirt ag bith ag an ODCE san fhorfheidhmiúchán maidir le haon ghné den Acht sin.

59 Alt 734 Acht na gCuideachtaí.

60 Alt 747 Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.10 Ceart Achainí a Dhéanamh maidir le Foirceannadh Cuideachta[61]

Tá de cheart ag comhalta cuideachta achainí a dhéanamh leis an gCúirt maidir le cuideachta a fhoirceannadh ar fhorais éagsúla[62] (faoi réir chásanna eisceachta áirithe). Is iondúil go ndéanfaidh comhalta an ceart seo a oibriú sa chás, mar shampla:

- go bhfuil bainistíocht na cuideachta titithe i gconstaic;
- nach féidir aidhmeanna na cuideachta a bhaint amach anois;
- sa chás go bhfuil cuspóirí mídhleathacha leis an gcuideachta;
- sa chás go bhfuil an chuideachta in úsáid ar mhaithe le calaois;
- sa chás go bhfuil líon beag comhaltaí de chuid na cuideachta nach mian leo feasta gnó a dhéanamh le chéile.

### 2.5.11 Ceart Achainí a Dhéanamh maidir le Faoiseamh i gCás Leatroma[63]

Is féidir le comhalta ar bith de chuid cuideachta a mheasann go bhfuil gnóthaí na cuideachta á rith nó cumhachtaí na stiúrthóirí á n-oibriú:

(a) ar bhealach atá ina leatrom air nó uirthi nó ar aon duine de na comhaltaí, nó

(b) gan aird ar a leas mar chomhalta nó mar chomhaltaí

a iarraidh ar an gcúirt ordú a dhéanamh faoin alt seo.

Is ionann iompar leatromach agus oibriú údarás na cuideachta ar bhealach atá dochraideach, garbh, mícheart. Ar na cineálacha iompair a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hiarratas dá shórt sin, tá idirbhearta calaoiseacha agus idirbhearta mídhleathacha, bainistíocht leatromach agus an comhalta a choinneáil ó pháirt i mbainistíocht na cuideachta.

Ar na horduithe is féidir leis an gcúirt a dhéanamh i gcás den sórt sin, tá ordú[64]:

- arna threorú go ndéantar gníomh áirithe nó go bhfuil cosc ar ghníomh faoi leith nó go gcuirtear idirbheart ar ceal nó go ndéantar idirbheart a athrú;
- trína rialaítear déanamh ghnóthaí na cuideachta feasta;
- go gceannódh comhaltaí eile de chuid na cuideachta nó an chuideachta féin scaireanna chomhalta ar bith de chuid na cuideachtaí agus, sa chás gurb í an chuideachta a dhéanann a gceannach, go n-ísleofaí caipiteal na cuideachta i gcomhréir leis sin; agus
- go n-íocfaí cúiteamh.

[61] Alt 571 Acht na gCuideachtaí.

[62] Alt 569 Acht na gCuideachtaí.

[63] Alt 212 Acht na gCuideachtaí.

[64] Alt 212(3) Acht na gCuideachtaí.

# 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

## 3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla

**Pionóis arna bhforcur ag Cúirt**

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do chionta coiriúla de dhá chineál, cion achomair agus cion indíotáilte. Go ginearálta, meastar nach bhfuil cion achomair chomh tromchúiseach le cion indíotáilte agus déantar an cineál sin a thriail gan ghiúiré os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche. Is iondúil a mheas gur tromchúisí an cion indíotáilte. Is féidir cion indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtriailtear cion achomair, is é sin os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche gan ghiúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad, a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, mar shampla, os comhair breithimh agus giúiré. Sa chás gur mar sin a dhéantar, deirtear go bhfuil an cion indíotáilte á ionchúiseamh ar díotáil. Sa chás go ndéantar cion a ionchúiseamh ar díotáil, is iondúil go mbíonn na pionóis a ndéantar foráil dóibh faoin dlí níos géire go mór ná mar a bheadh dá ndéanfaí an cion a ionchúiseamh go hachomair.

Faoi Alt 871 Acht na gCuideachtaí, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 1 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A[65] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

Go ginearálta, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 2 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bhliana nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 3 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 4 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air.

Is féidir leis an gCúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhaingniú nó a thaifeadadh a ordú don té a chiontaítear an sárú a leigheas[66].

Foráiltear, áfach, faoi Acht na gCuideachtaí do phionóis i bhfad níos géire i ndáil le cionta áirithe, mar shampla:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht[67] – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na trédhearcachta (margaí rialáilte)[68];

---

[65] Ciallaíonn "fíneáil d'aicme A", tráth a fhoilsithe seo, fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha 2010).

[66] Alt 872 Acht na gCuideachtaí.

[67] Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.

[68] Alt 1382 Acht na gCuideachtaí.

- An Treoir maidir le Réamheolaire[69] – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le réamheolaire[70];
- An Treoir maidir le Drochúsáid Margaidh[71] – fíneáil suas le €10 milliún agus/nó 10 mbliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid margaidh[72].

## 3.2 Pionóis Shibhialta

**Dícháiliúchán**

Chomh maith le fíneáil agus pionóis i ndáil le cionta coiriúla, déantar foráil chomh maith do phionóis eile faoi Acht na gCuideachtaí, mar shampla dícháiliúchán agus srianadh.

Ciallaíonn dícháiliúchán go ndéanfaí duine a dhícháiliú óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir nó ó bheith ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, bainteach nó páirteach le tionscnamh, foirimiú nó bainistíocht aon chuideachta[73].

Is féidir duine a dhícháiliú de trí

(a) Ordú Dícháiliúcháin ón gcúirt; nó

(b) Glacadh le Gealltanas Dícháiliúcháin – trína ngéilleann an duine a bheith faoi réir dícháiliúcháin, trí ghlacadh le gealltanas dícháiliúcháin fororddaithe agus a shíniú.

**Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa[74]**

Déanann an chúirt duine a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa sa chás go ndéantar an duine sin a chiontú ar díotáil:

- i gcion ar bith faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile i ndáil le cuideachta mar a fhorordaitear; nó
- i gcion ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Ar dhuine a dhícháiliú don chúirt, bíonn an duine sin faoi réir ag ordú dícháiliúcháin ar feadh tréimhse 5 bhliana nó tréimhse eile arna sonrú ag an gcúirt. Tá dlite ar an gcúirt sonraí faoin ordú dícháiliúcháin a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ionas go luaitear na sonraí a chuirtear ar fáil ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe[75].

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin iarratas a dhéanamh leis na Cúirteanna ag iarraidh go ndéanfaí duine a dhícháiliú ar fhorais áirithe[76], ina measc:

- ciontacht i dhá chion nó líon is mó ná dhá chion i ndáil le taifid (alt 286);
- ciontacht i mainneachtainí go rómhinic faoi Acht na gCuideachtaí;
- ciontacht i dtrádáil chalaoiseach nó mheargánta le linn fónamh mar oifigeach cuideachta.

---

[69] Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.

[70] Alt 1356 Acht na gCuideachtaí.

[71] Na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 – I.R. Uimh. 342 de 2005.

[72] Alt 1368 Acht na gCuideachtaí.

[73] Alt 838 Acht na gCuideachtaí.

[74] Alt 839 Acht na gCuideachtaí.

[75] Altanna 863 & 864 Acht na gCuideachtaí.

[76] Alt 842 Acht na gCuideachtaí.

**Gealltanas Dícháiliúcháin[77]**

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine (sa chás go bhfuil an Stiúrthóir den tuairim go bhfuil cúinsí áirithe i gceist i ndáil leis an duine sin) géilleadh do dhícháiliúchán gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leas a bhaint as an nós imeachta seo sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an Stiúrthóir lena cheapadh go bhfuil cúinse nó cúinsí acu sin a leagtar amach in alt 842(a) go dtí (i) d'Acht na gCuideachtaí ag baint le cás an duine[78]. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, de réir a thola féin, deis a thairiscint do dhuine géilleadh do dhícháiliúchán. Sa chás go ngéilleann duine do "ghealltanas dícháiliúcháin" agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an dícháiliúchán, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, meastar gur duine dícháilithe an duine sin. Tá dlite ar an Stiúrthóir sonraí faoin dícháiliúchán a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe[79].

**Srianadh**

Baineann na forálacha i ndáil le srianadh ar stiúrthóirí cuideachta[80] le cuideachtaí dócmhainneacha, mar shampla, cuideachtaí nach bhfuil in acmhainn a gcuid fiach a ghlanadh[81] de réir mar a bhíonn dlite. Sa chás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, is féidir stiúrthóir de chuid na cuideachta, a dteipeann air nó uirthi a dheimhniú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó don Chúirt go ndearna sé nó sí go macánta agus go cúramach, a shrianadh go ceann tréimhse suas le cúig bhliana.

**Gealltanas maidir le Srianadh[82]**

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine géilleadh do shrianadh gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leis an Stiúrthóir, de réir a thola féin, deis a thairiscint do stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach géilleadh do shrianadh. Beidh san áireamh leis an tairiscint na cúinsí, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Stiúrthóir a theacht ar an tuairim gur cuí an srianadh.

Sa chás go nglacann an duine leis an srianadh agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an srianadh, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, seolfaidh an Stiúrthóir sonraí faoin "ngealltanas maidir le srianadh" chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine a bhfuil srian orthu[83].

Cuireann srianadh den sórt sin cosc ar dhuine óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, mar stiúrthóir nó rúnaí, agus ó bheith bainteach nó páirteach le foirimiú nó chur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil an chuideachta caipitlithe go leormhaith[84]. I gcás cuideachta poiblí teoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is ionann an ceanglas caipitil agus €500,000 de scairchaipiteal íoctha leithroinnte, agus i gcás cuideachta de chineál ar bith eile, is ionann an ceanglas caipitil agus €100,000. Bíonn cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos géire freisin i ndáil le cothabháil caipitil.

Measfar, gan cruthúnas ar aon ní eile, Acht na gCuideachtaí a bheith sáraithe ag duine a leanann in oifig mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srianadh a theacht i gcrích gan an chuideachta caipitlithe go leormhaith, agus déanfar an duine sin a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa ó bheith ina stiúrthóir. Pléitear srianadh go mion in Aguisín B le Leabhrán Eolais 2.

---

77 Alt 849 Acht na gCuideachtaí.

78 Is iad na cúinsí iad seo a dtiocfadh ordú dícháiliúcháin dá mbarr dá mbeadh an chúirt cinnte go raibh siad i bhfeidhm, agus leagtar amach iad in alt 862 Acht na gCuideachtaí.

79 Alt 864 Acht na gCuideachtaí.

80 Altanna 819 & 820 Acht na gCuideachtaí.

81 Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

82 Alt 852 Acht na gCuideachtaí.

83 Alt 823 Acht na gCuideachtaí.

84 Alt 819(3) Acht na gCuideachtaí.

Beidh an té a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáil i ndáil le cuideachta ar bith ainneoin cosc air nó uirthi sin a dhéanamh, de bharr (a) ordú dícháiliúcháin, nó (b) dearbhú srianta a bheith tugtha ina leith, ciontach i gcion d'aicme 2[85].

**Cuideachta a Bhaint den Chlár[86]**

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt go bhfuil i gceist cuideachta a bhaint den chlár ar fhoras ar bith díobh seo a leanas:

- gur loic an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt mar atá dlite; nó
- nach bhfuil duine ar bith ar taifead mar stiúrthóirí reatha ag an gcuideachta; nó
- go bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim gur loic an chuideachta ráiteas sonraí ó chuideachta nua a chur ar fáil; nó
- go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil an coinníoll á shásamh ag an gcuideachta go mbeadh cónaí ar stiúrthóir de chuid na cuideachta i stát de chuid LEE nó nach bhfuil an banna ar seilbh ag cuideachta is gá sa chás nach ann do stiúrthóir den sórt[87]; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil aon leachtaitheoir i mbun feidhme; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus gan tuairisceán tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Sa chás go ndéantar cuideachta a bhaint den chlár, aistrítear úinéireacht shócmhainní na cuideachta sa ghnáthchúrsa go dtí an Stát. Is ag an Stát atá úinéireacht orthu go dtí tráth a gcuirfí ainm na cuideachta ar ais ar an gclár. An fhaid a bhíonn an chuideachta bainte den chlár, leanann dliteanas gach stiúrthóra, oifigigh agus comhalta den chuideachta agus is féidir a fhorghníomhú[88] amhail is dá mbeadh an chuideachta gan díscaoileadh.

Pléitear na gnáis oibre atá de dhíth maidir le hainm cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta. Tá eolas sonrach mioninste faoi ainm cuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar láithreán gréasáin Chláraitheoir na gCuideachtaí – *www.cro.ie*

---

[85] Alt 855 Acht na gCuideachtaí.

[86] Alt 725 Acht na gCuideachtaí.

[87] Alt 137 Acht na gCuideachtaí.

[88] Alt 734 Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín A

## Aicmí Éagsúla Scaireanna

### Réamhrá

Beidh cearta agus dualgais chomhalta ag brath ar bhunreacht na cuideachta. Tá cearta áirithe nach mbíonn ag an gcomhalta nach scairshealbhóir sa chuideachta. Ní mór don chomhalta i gcuideachta faoi theorainn scaireanna a bheith mar scairshealbhóir sa chuideachta. Sa chás go bhfuil scairchaipiteal ag cuideachta, toimhdítear na cearta céanna ag gabháil leis na scaireanna uile ach is féidir le cuideachta cumhacht a chruthú i mbunreacht na cuideachta scaireanna d'aicmí éagsúla nó d'aicmí speisialta a eisiúint, gnáthscaireanna, scaireanna tosaíochta agus scaireanna infhuascailte san áireamh.

### Gnáthscaireanna

Is iondúil go ngabhann ceart vótála le gnáthscaireanna. Sa chás go ndéantar cuideachta a fhoirceannadh, is iondúil go mbíonn páirtíocht in aon chistí farasbairr de cheart leo (i.e. nuair a bhíonn na creidiúnaithe ar fad díscaoilte) de bhreis ar an tsuim shocraithe a rinneadh a infheistiú sna scaireanna ar dtús.

Sa chás go ngabhann cumhacht vótála ualaithe nó ar leibhéil éagsúla le gnáthscaireanna, ach gur ceart cothrom i ndáil le díbhinní agus caipiteal a ghabhann leo, is iondúil iad a rangú ina n-aicmí e.g. Gnáthscaireanna d'Aicme A, Gnáthscaireanna d'Aicme B etc.

### Scaireanna Tosaíochta

Bíonn cearta tosaíochta ag gabháil le scaireanna tosaíochta, maidir le díbhinní agus caipiteal is coitianta sin. Is iondúil go dtugann scair a bhfuil tosaíocht léi maidir le díbhinní de cheart don chomhalta íocaíocht díbhinne a fháil chun tosaigh ar ghnáthscairshealbhóirí. Is iondúil teideal shealbhóirí scaireanna tosaíochta ar dhíbhinní a lua mar cheart ar chéatadán in aghaidh na bliana de luach ainmniúil na scaire.

Tugann scair a bhfuil tosaíocht léi maidir le caipiteal de cheart don chomhalta aisíoc iomlán ar an infheistíocht chaipitil a rinne sé nó sí sa chuideachta a fháil sula dtugtar a gcuid caipitil ar ais do shealbhóirí na ngnáthscaireanna nuair a dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh.

### Scaireanna Infhuascailte

Is scaireanna a bhfuil an chuideachta i dteideal iad a fhuascailt (i.e. a cheannach ar ais) ó chomhaltaí na cuideachta atá i scaireanna infhuascailte. Sa chás go ndéantar scaireanna a fhuascailt, is iondúil go ndéanann an chuideachta iad a chur ar ceal. An scair a choinníonn an chuideachta ar a fuascailt, agus is féidir a atheisiúint tráth is faide anonn, scair cisteáin a thugtar ar an gcineál sin.

### Scaireanna Bónais

Scaireanna a eisítear leis na scairshealbhóirí i gcomhréir le líon na scaireanna atá acu ag an am atá i scaireanna bónais. Eisítear iad mar a bheidís íoctha go hiomlán i.e. ní gá do na scairshealbhóirí íoc orthu. Is iondúil go n-íoctar orthu as an mbrabús carntha arna aistriú go dtí an caipiteal i.e. caiptitliú a dhéanamh air.

# Aguisín B

## Foirm Ionadaíochta[89]

Beidh ionstraim trína gceaptar ionadaí san fhoirm seo a leanas nó i bhfoirm chomh gar di agus is féidir i gcúinsí an cháis –

- [ainm na cuideachta] ("an Chuideachta")
- Déanann [ainm an chomhalta] ("an Comhalta") as
  [seoladh an chomhalta] i gcáil chomhalta de chuid na Cuideachta leis seo
  [ainm agus seoladh an ionadaí] nó murarb ann dósan nó dise
- [ainm agus seoladh mhalairt ionadaí] a cheapadh
  mar ionadaí an Chomhalta chun teacht i láthair, labhairt agus vótáil thar ceann an Chomhalta ag cruinniú ginearálta (bliantúil nó urghnách, de réir mar atá i gceist) na cuideachta a thionólfar ar an [dáta an chruinnithe] agus ag aon atráth a cheapfar ar an gcruinniú.

Tá an t-ionadaí le vótáil mar seo a leanas:

| Treoir Vótála don Ionadaí<br>(marcáiltear an rogha le 'x') | | | |
|---|---|---|---|
| Uimhir nó cuntas ar an rún: | I bhFabhar | Staonadh | In aghaidh |
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| Mura dtugtar treoir don ionadaí, déanfaidh an t-ionadadí vótáil de réir mar a mheasann sé nó sí a bheith oiriúnach. | | | |
| Síniú an Chomhalta<br>Dátaí: [dáta] | | | |

[89] Alt 184 Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín C

## Léiriú ar Chineál agus ar Ábhar na Miontuairiscí ar Chruinnithe Ginearálta

Éilítear ar chuideachtaí faoi Acht na gCuideachtaí miontuairisicí a choinneáil ar imeachtaí uile na gcruinnithe ginearálta agus ní mór na téarmaí maidir le gach rún a chur síos i leabhair a choinnítear chun na críche sin[90]. Ní mór na leabhair a choinneáil san aon áit amháin. Sa chás nach gcoinníonn cuideachta miontuairiscí ar chruinnithe nó ar rúin na cuideachta, beidh an chuideachta agus aon oifigeach atá ag mainneachtain ciontach i gcion d'aicme 4[91].

Ní luaitear go sonrach in Alt 199 an t-eolas ba chóir a bhreacadh sna miontuairiscí. Ina ainneoin sin, ba chóir go mbeadh na miontuairiscí ina léiriú cruinn ar ar tharla ag cruinniú. Dá réir sin, moltar go ndéanfaí, ar a laghad, an t-eolas seo a leanas a bhreacadh sna miontuairiscí.

**Cruinnithe Ginearálta ag Cuideachtaí**

- Dáta, tráth agus ionad an chruinnithe;
- Ainmneacha na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí i láthair;
- Daoine a chuir leithscéal mar gheall nach bhféadfaidís a bheith i láthair;
- Ainm an té a rinne cathaoirleacht ar an gcruinniú (Cathaoirleach);
- Ainmneacha dhaoine eile a bhí i láthair (ag an m'bord tosaigh') agus an oifig ina dtáinig siad i láthair;
- Aontú miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo agus aon cheartúchán a iarradh;
- Mionsonraí faoi dhoiciméad nó páipéar ar bith a cuireadh síos lena meas ag na comhaltaí, teideal agus údar dhoiciméad ar bith den sórt sin san áireamh. Ní mór doiciméid ar bunaithe orthu atá aon rún ag an gcruinniú, mar shampla na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchóra (nuair is cuí), a scaipeadh ar na comhaltaí roimh an gcruinniú chun deis a thabhairt dóibh staidéar a dhéanamh orthu;
- Mionsonraí faoi rúin a cuireadh os comhair na gcomhaltaí le vótáil orthu, ainmneacha na ndaoine a mhol agus a chuidigh leis na rúin san áireamh;
- Mionsonraí faoi aon choimhlint leasa a dhearbaigh stiúrthóirí agus tuairisc an ndearna siad, mar shampla, séanadh páirt a ghlacadh in aon phlé, staonadh ó aon vótáil a rinneadh nó iad féin a thabhairt ar shiúl ón gcruinniú fad a bhí aon phlé ar an ábhar;
- Ba chóir cuntas a choinneáil ar na tuairimí a chuir gach duine in iúl a labhair agus ábhar á phlé, agus, mar shampla, ceisteanna a chuir comhaltaí ón urlár ar an mbord san áireamh maille leis na freagraí a tugadh. Cé gur féidir achoimre a thabhairt sna miontuairiscí ar an ábhar a cuireadh i láthair, ba chóir go mbeadh an achoimre sin ina cuntas cruinn ar a raibh á chur in iúl. Sa chás go n-iarrann comhalta den bhord go sonrach go dtugtar miontuairisc ar a ndeir sé nó sí, e.g. sa chás go mbíonn easaontas i gceist, ba chóir cúram faoi leith a dhéanamh dá chinntiú gur cruinn beacht an léargas na miontuairiscí ar an méid a cuireadh i láthair;
- Torthaí aon bheart vótála a tharla (de réir mar a d'fhógair an Cathaoirleach) agus cibé an le taispeáint lámh nó le vótaíocht a tharla;
- Mionchuntas ar na rúin a rith an chuideachta i.e. cinntí foirmeálta a rinneadh tar éis vótála;
- Síniú Chathaoirleach an bhoird arna dheimhniú gur léargas cruinn na miontuairiscí ar na himeachtaí;
- Ba cheart clár an chruinnithe, mar a scaipeadh orthu siúd a bhí ag teacht i láthair ag an gcruinniú, a cheangal leis na miontuairiscí (ba cheart uimhir, de réir an oird, a lua le gach ábhar ar chlár an chruinnithe de ghrá na héascaíochta ó thaobh tagartha de).

---

[90] Section 199 Companies Act.

[91] Section 871 Companies Act.

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

01 858 5800
Loghlao 1890 315 015

01 858 5801

info@odce.ie

www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil*
*An English version of this booklet is available*